



AN PRÍOMHOIDE

12 Bealtaine 2015

Maidir le: Soláthar €7m chun crua-earraí a chur ar fáil do scoileanna le húsáid sa Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide.

A Phríomhoide, a chara,

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna Jan O'Sullivan T.D. ar an 15^ú Deireadh Fómhair 2014 soláthar €7m chun bogearraí agus crua-earraí a chur ar fáil do scoileanna le húsáid sa Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide (GDC).

Tá mé ag scríobh chugat anois lena chur in iúl duit go n-íocfar suim €x,xxx go díreach isteach i gcuntas bainc do scoile faoin scéim seo. Tabhair do d'aire go gcaithfear an maoiniú seo a úsáid chun ríomhairí deisce nó ríomhairí glúine a cheannach i gcomhair GDC. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí comhlíonadh na scoile ina leith seo a iniúchadh.

Ba é an chéad mholadh a bhí ag an Roinn go mbunófaí an maoiniú ar an meánlíon iarrthóirí a shuigh GDC san Ardeistiméireacht idir 2012 agus 2014 móide maoiniú i gcomhair ríomhaire breise amháin le haghaidh na múinteoireachta sa Roinn GDC. De thoradh an iomad aighneachtaí ó Pháirtithe Oideachais agus ó scoileanna, áfach, inar léiríodh méadú ar líon na ndaltaí a bhíonn ag gabháil don GDC, is mar seo a leanas a ríomhfar na suimeanna deontais: meán 3 bliana de 2012 go 2014 nó meán 4 bliana de 2012 go 2015, móide maoiniú i gcomhair ríomhaire breise amháin le haghaidh na múinteoireachta sa Roinn GDC. Bronnfar maoiniú de réir cibé is airde den dá mheán. Tá an maoiniú bunaithe ar dheontas €1,150 in aghaidh an ríomhaire.

Ós rud é go bhfuil an Roinn ag cur maoiniú poiblí ar fáil, **ba chóir** do scoileanna na ríomhairí a cheannach ó na soláthraithe rathúla, trí áis na Roinne i gcomhair airgead a tharraingt anuas. Cuireadh an áis seo ar fáil i ndiaidh iomaíocht phoiblí soláthair lenar áiríodh tástáil agus measúnacht chuimsitheach. Tá na ríomhairí saincheaptha chun riar ar *SolidWorks* a rith agus ba iad a fuair an scór ab airde in iomaíocht phoiblí thairisceana arna comhordú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an Chigireacht agus roinnt múinteoirí/cleachtóirí GDC agus SFGM Teicneolaíocht san Oideachas a bhfuil an-taithí acu.

Ríomhaire Deisce

Is é an Fujitsu Celsius 530 Mini Tower PC an ríomhaire faofa do scoileanna na hÉireann. Is é 'SmartSchools' an soláthraí faofa. (www.smartschools.ie). Is €1,135.02 CBL san áireamh atá ar an Mini Tower PC.

Ríomhaire Glúine

Is é an Lenovo Thinkpad W541 an ríomhaire glúine faofa do scoileanna na hÉireann. Is é 'PC Peripherals' an soláthraí faofa. (www.pcp.ie). Is €1,351.77 CBL san áireamh atá ar an Ríomhaire Glúine.

Tá na mionsonraí iomlána ar an gcaoi chun an Mini Tower PC agus an Ríomhaire Glúine a ordú ag www.t4.ie.

I ndiaidh próiseas eile soláthar poiblí tá bogearraí DRC faighte ag an Roinn Oideachais agus Scileanna .i. *SolidWorks*, Leagan Oideachais 2015 le cois seirbhísí bainteacha ó *Solid Solutions Ireland* (www.solidsolutions.ie). Cheannaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna na bogearraí seo go díreach agus tá an t-airgead íoctha sa bhreis ar an t-airgead atá á scaipeadh i ndeontais chuig na scoileanna. Seolfar gach ríomhaire a cheannaítear trí áis tarraingthe anuas na Roinne chuig scoileanna agus *SolidWorks*, Leagan Oideachais 2015 agus *Microsoft Windows 7 64* giotán réamhshuiteáilte. Is é freagracht na scoile aon bhogearraí breise a shuiteáil.

Ní mór do scoileanna na ríomhairí a cheannach roimh dheireadh mhí na Nollag 2015 lena chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh Chiorclán: 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht as Deontais ón Stát-Chiste. Treoraítear thú chuig circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf.


Cuirfear Forbairt Ghairmiúil agus Oiliúint ar fáil do mhúinteoirí GDC leis na bogearraí nua DRC. Tá plean forbairt ghairmiúil á cheapadh faoi láthair agus cuirfear é seo in iúl do scoileanna nuair a aontófar é.

Meabhraítear do scoileanna na hoibleagáidí atá acu maidir leis na hAchtanna um Saoráil Faisnéise (FOI) 1997 agus 2003.

Treoraítear thú chuig suíomh gréasáin i gcomhair doiciméad CCanna maidir leis an scéim mhaoiniúcháin seo.

Ba chóir aon fhiosrú a bhaineann leis an litir seo a chur de r-phost chuig Karen Murtagh ag ictpolicy@education.gov.ie nó ar an nguthán ar (01) 889 6413 nó Pat Lynch ag patlynch@pdst.ie.

Is mise le meas,



Karen Murtagh
Príomh-Oifigeach Cúnta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

T4 - Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide (GDC) – Mini Tower PC

I ndiaidh meastóireacht fhoirmiúil/agus próiseas tástála cuimsitheach chun táirge agus soláthraí oiriúnach ardcháilíochta PCanna DRC ag úsáid *Solidworks* i réimsí ábhair/GDC in Iar-Bhunscoileanna a roghnú, tá an Fujitsu Celsius 530 Mini Tower PC faofa. Ba é an táirge seo a ghnóthaigh an scór ab airde in iomaíocht phoiblí thairisceana arna comhordú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a raibh T4, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an Chigireacht agus roinnt múinteoirí/cleachtóirí GDC agus SFGM Teicneolaíocht san Oideachas a bhfuil an-taithí acu páirteach. Tá achoimre ar shonraíocht an Ríomhaire thíos. Is é SmartSchools an soláthraí faofa. Tá na sonraí iomlána ar an gcaoi chun an MiniTower PC agus an Ríomhaire Glúine a ordú ar fáil ag www.t4.ie.

Fujitsu Celsius 530

- Próiseálaí Ard-Fheidhmíochta Intel i7-4790, 3.6GHz (taisce chliste 8MB)
- Córas Oibriúcháin Microsoft Windows 7 Professional (64 giotán) (dioscaí meain uasghrádaithe/téarnaimh san áireamh)
- Cuimhne Dé-Chainéil 8GB (DDR3)
- Tiomántán Diosca Crua 500GB (SATA II 7200 rpm)
- Cuimhne sholadstaide 128GB - 'cruathiomántán' breise (feidhmíocht níos tapúla)
- Tiomántán teaglaima i24 x CD-RW/ 16 x DVD
- Ethernet Inmheánach 10/100/1000 (RJ45)
- Cárta Grafaice Ardaifeach NVidia Quadro K620 (2GB) (1680 x 1050)
- Monatóir Taispeána 24" (Airde Inathraithe, LED) le Gléine Ardaifeach (HD) 1980x1080
- Tiomántán teaglaima 24 x CD-RW/ 16 x DVD
- Ethernet Inmheánach 10/100/1000 (RJ45)
- 9 x port USB le 4 tulsuite; (4 USB 3 Phort, 2 tulsuite) Port físe; Cluasán teaglaima Steiréó Combo mic/jack; Ceangal RJ-45
- Luch Scrollaithe USB (cáblaithe)

Baránta: Baránta láithreáin chéad lá gnó eile (ar fáil mar bhunsoláthar); baránta dhá bhliain bhreise ar fáil mar rogha bhreise

Costas: €1,135.02 (Túr PC + Monatóir 24", CBL & seachadadh san áireamh)

Mini Tower PC agus Monatóir:



www.smartschools.ie/t4 ; www.t4.ie

T4 - Graifíc Dhearaidh agus Chumarsáide (GDC) – Ríomhaire Glúine

I ndiaidh tástáil agus meastóireacht chuimsitheach, is é an Lenovo Thinkpad W541 an Ríomhaire Glúine faofa a roghnaíodh chun bogearraí DRC SolidWorks 3D a rith i gcomhair GDC sna hIar-Bhunscoileanna. Rinneadh an ríomhaire seo a shainoiriúnú le riar ar éilimh *SolidWorks* a rith i dtimpeallacht seomra ranga agus ba é a ghnóthaigh an scór ab airde in iomaíocht phoiblí thairisceana arna comhordú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a raibh T4, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an Chigireacht agus roinnt múinteoirí/cleachtóirí GDC agus SFGM Teicneolaíocht san Oideachas a bhfuil an-taithí acu páirteach. Tá achoimre ar shonraíocht an Ríomhaire Glúine thíos.

Is é 'PC Peripherals' soláthraí faofa an táirge do scoileanna na hÉireann (www.pcp.ie). Tá na sonraí iomlána ar an gcaoi chun an MiniTower PC agus an Ríomhaire Glúine a ordú ar fáil ag www.t4.ie.

Lenovo Thinkpad W541 Notebook:

- Tá bogearraí DRC *Solidworks 2015 3D* réamhshuiteáilte
- Próiseálaí 4ú Glúin Intel Core i7-4700MQ – Taisce 2.8GHz, 6MB
- Córas Oibriúcháin Microsoft Windows 7 Professional (64 giotán) (dioscaí meáin san áireamh)
- Cuimhne 8GB (DDR3L), SDRAM, 1600Hz
- Cuimhne Diosca Crua 500GB (SATA III 7200rpm);
- Cárta Grafaice Ardtaifeach NVidia Quadro K2100M (2GB) (1680 x 1050), Arna dheimhniú ag *Solidworks*
- Monatóir Taispeána 15.6" (IPS) le gléine 1920 x 1080 - Feidhmiú Ardtaifeach (HD)
- Cumas ionsuite Wi-Fi ag tacú le IEEE 802.11(a, b, g, n, ac)
- 4 phort USB 2 x USB 3.0 agus 2 x USB 2.0 san áireamh
- Port físe VGA, Cluasán Combo Stereo mic/jack; Ceangal RJ-45
- Luch Optúil USB, Ceamara gréasáin comhtháite, Bluetooth 4.0
- Léitheoir Cárta comhtháite 4 in 1 (Cárta SD, Cárta Ilmheáin, Cárta SDHC, Cárta SDXC)
- Méarchlár QWERTY le siombail euro, méarchlár uimhriúil, uiscédhíonach, Ceap tadhail
- Breis agus 6 uair an chloig de shaolré cadhnra
- Cás iompair ardcháilíochta le hirís

Baránta: Baránta Láithreán Chéad Lá Gnó Eile (ar fáil mar bhunsoláthar); baránta dhá bhliain bhreise ar fáil mar rogha bhreise

Costas: €1,351.77 (Ríomhaire Glúine, CBL & seachadadh san áireamh – réimse iomlán forimeallach agus Feidhmchláir Bogearraí ar fáil mar fhorlíontáin)

Intel Core i7-4700MQ próiseálaí
4^ú Quad Core, 2.8GHz
15.6" Taispeánt Ardtáifeach
(HD)



NVidia Quadro K2100M (2GB)
Cárta Grafaice Ardtaifeach,
Arna dheimhniú ag *Solidworks*

Déantar teagmháil le PC Peripherals:

Fón: 01-2917900 R-phost: t4@pcp.ie Gréasán: www.pcp.ie/t4
67a Bóthar an Fhraoich, Eastát Tionsclaíochta Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.

www.pcp.ie/t4 ; www.t4.ie